

Ceantar Cathrach Phort Láirge

Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2025



Ár bhfís maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht



Cllr Seamus Ryan
Méara
Chomhairle Cathrach
agus Contae Phort Láirge

Mar Mhéara, tá lúcháir orm fáilte a chur roimh dhara hInnéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Phort Láirge.

Tugtar léargas soiléir sa tuarascáil seo ar an dóigh a dtaistealaíonn ár gcónaitheoirí agus cé chomh mór tábhachtach agus atá siúl, rothlú agus rothaíocht acu.

Mar dhuine a chónaíonn i bPort Láirge, chonaic mé an dóigh a bhfuil an taisteal gníomhach ag tosú ag athmhúnlú ár gcathrach. Léirítear sa tuarascáil seo go mbaintear suas le 15,000 carr de na bóithre gach lá mar gheall ar shiúl, rothlú agus rothaíocht, go ngintear €67 milliún i sochair eacnamaíocha bhliantúla do dhaoine aonair agus don Cheantar Cathrach, agus go gcuirtear cosc ar 149 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach.

Tá móiminteam taobh thiar dár gClár Taistil Ghníomhaigh uailmhianach go mór, ó Ghlasbhealach Phort Láirge a nascadh le lár na cathrach, go dtí tosach scoileanna a dhéanamh níos sábháilte tríd an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile, agus tógáil leanúnach an droichid iompair inbhuanaithe a nascann an Ché Thuaidh le lár na cathrach.

Le hinfheistíocht leanúnach ÚNI, rannpháirtíocht láidir sa phobal, agus ceannaireacht dhíograiseach ó na páirtithe leasmhara go léir, is féidir linn an bealach a dtaistealaímid a bhunathrú, agus cathair níos

glaise, níos sláintiúla agus níos ináitrithe a chruthú. Tá an teachtaireacht ón tuarascáil seo soiléir: ba mhaith leis an bpobal infheistíocht níos mó a fheiceáil i dtaisteal gníomhach. Leanfaimid le todhchaí bhríomhar, inbhuanaithe do gach duine a chónaíonn anseo, a oibríonn anseo, a thagann chun cuairte anseo agus a infheistíonn anseo a chur chun cinn.



Cllr Mary Hilda Kavanagh
Cathaoirleach Chomhairle
Contae Chill Chainnigh

Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, tá áthas orm fáilte a chur roimh dhara hInnéacs Siúil agus Rothaíochta Chathair Phort Láirge.

Agus ár gcathracha agus ár mbailte ag fás i gcónaí, tá taisteal gníomhach agus iompar poiblí riachtanach chun ár bpobail ag coinneáil ag bogadh thart go héasca, ar bhealach inacmhainne agus inbhuanaithe.

I láthair na huaire, téann an leath oiread ban ag rothaíocht i gcomparáid le fir, ba mhaith le trian de na cónaitheoirí go léir rothaíocht a dhéanamh níos mó. Tá infheistíocht leanúnach riachtanach chun timpeallachtaí sábháilte, mealltacha agus inrochtana a chruthú a thabharfar taisteal neamhspleách ar ais do chách agus a chuirfidh ar chumas daoine iad féin a choinneáil gníomhach agus ceangailte.

Leagtar amach sa tuarascáil seo an fhianaise atá riachtanach lena chinntiú go mbeidh siúl agus rothaíocht ina roghanna réadúla, fáilteacha do chách.

Clár na nÁbhar

Ceannlínte	4
Siúl agus rothlú	6
Rothaíocht	8
Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú	10
Tairbhí na rothaíochta	12
Réitigh siúil agus rothlaithe	14
Réitigh rothaíochta	16
Réitigh chomharsanachta	18
An ceantar a fhorbairt	20
Ag breathnú chun cinn	22



An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is é an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta an measúnú is mó atá déanta maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ba é Walk Wheel Cycle Trust (Sustrans roimhe seo) a rinne é i gcomhar le 22 comhpháirtí réigiúnach agus áitiúil. Tuairiscíonn gach ceantar ar an dul chun cinn atá déanta maidir bealach laethúil níos mealltaí chun taisteal a dhéanamh den siúl, den rothlú agus den rothaíocht.

Tugann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuairisc gach dhá bhliain. Seo an dara tuarascáil ó Cheantar Cathrach Phort Láirge, arna soláthraíodh i gcomhpháirtíocht le hUdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Tá na sonraí sa tuarascáil seo ó 2025 agus áirítear leo sonraí áitiúla faoi shiúl, rothlú agus rothaíocht, agus suirbhé neamhspleách, ionadaíoch ó thaobh déimeagrafach de, ar 1,112 cónaitheoir 16 bliana d'aois nó níos sine. Rinneadh an suirbhé ó Bealtaine go Meitheamh 2025. Rinne an cuideachta taighde margaidh neamhspleách Ipsos B&A an suirbhé, atá ionadaíoch de gach uile chónaitheoir, ní hamháin na cónaitheoirí a shiúlann, a rothlú nó a rothaíonn.

Tá comparáidí curtha chun áireamh againn tríd an tuarascáil seo le sonraí 2023 i gcás ina raibh siad ar fáil.

Gabhaimid ár mbuíochas le muintir Cheantar Cathrach Phort Láirge a ghlac páirt sa suirbhé agus a roinn a gcuid scéalta linn.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi na tuarascálacha uile agus uirlis sonraí idirghníomhach chun iniúchadh níos cuimsithí a dhéanamh ar na sonraí a fháil ag

www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index




Rothlú a shainiú

B'fhéidir nach n-úsáidfí daoine áirithe a úsáideann cathaoir rothaí nó scútar soghluaisteachta an téarma 'siúl' maidir leo féin agus b'fhéidir gur fearr leo an téarma 'rothlú' a úsáid. Úsáidimid na téarmaí 'siúl' agus 'rothlú' le chéile lena chinntiú go bhfuilimid chomh cuimsitheach agus is féidir.

Ceannlínte

Ceantar Cathrach
Phort LáirgeDaonra^[i]


66,555

53,244 duine fásta
13,311 leanbh

Minicíocht na modhanna taistil éagsúla

Is iad siúl agus tiomáint na modhanna taistil is coitianta i measc chónaitheoirí Cheantar Cathrach Phort Láirge, agus siúl agus rothlú ina dhiaidh sin.

Cónaitheoirí a thaistealaíonn ar na modhanna seo a leanas cúig lá nó níos mó sa tseachtain sa cheantar



i. Daonáireamh POS 2022. Is é sin an ceann is déanaí atá ar fáil do Cheantar Cathrach Phort Láirge.

ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir i gcarr, veain nó gluaisrothar.

Ní rannpháirtíocht sa siúl, rothlú agus rothaíocht mar an gcéanna

Bíonn éagsúlacht mhór idir grúpaí éagsúla i roghanna taistil na gcónaitheoirí agus a dtuairimí maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht.

Siúlann nó rothlaíonn

45%

de chónaitheoirí cúig lá sa tseachtain ar a laghad

Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad^[iii]

46% de mhná

44% d'fhir

Rothaíonn

12%

de chónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad

Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad

8% de mhná

16% d'fhir

Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ina gcomharsanacht

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

85% de dhaoine faoi mhíchumas

82% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

63% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

45% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta^[iv]

90% den ghrúpa socheacnamaíoch DE

91% den ghrúpa socheacnamaíoch AB

iii. Féach an fonóta ar leathanach 6.

iv. Baineann grúpaí socheacnamaíocha AB le bainistíocht agus baineann grúpaí DE le gairmeacha láimhe, mná tí agus na daoine nach bhfuil i bhfostaíocht. Féach leathanach 6 chun sainmhínte iomlána a fháil.

Baineann gach duine tairbhe as nuair a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn níos mó daoine

Bunaithe ar shamhaltú sonraí suirbhé, gach bliain, siúl, rothlú agus rothaíocht.

cuirtear cosc ar

149

riocht sláinte
tromchúiseach fadtéarmacha

cruthaítear

€67 milliún

i sochar eacnamaíoch do dhaoine
aonair agus don cheantar

sábháiltear

2,700 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa

Laghdaíonn siúl, rothlú agus rothaíocht brú tráchta trí suas le 15,000 carr a bhaint de na bóithre gach lá.

Ba mhaith le cónaitheoirí dul ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht níos mó agus níos lú tiomána a dhéanamh

Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo úsáid níos mó nó níos lú a bhaint as cineálacha éagsúla iompair amach anseo:

Ba mhaith le 21% de chónaitheoirí níos lú tiomána a dhéanamh. Aontaíonn 59% de chónaitheoirí go n-úsáideann siad carr go minic toisc nach bhfuil aon roghanna iompair eile ar fáil.

Siúl nó rothlú

51% níos mo



4% níos lú



Rothaíocht

32% níos mo



2% níos lú



Dul ar iompar poiblí

40% níos mo



6% níos lú



Tiomáint

17% níos mo



21% níos lú



Meastar go bhfuil rothaíocht níos lú sábháilte ná cineálacha eile iompair

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte ina gceantar áitiúil chun:

83% chun siúl nó rothlú



52% chun rothaíocht



81% iompar poiblí a úsáid



89% chun tiomáint



Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí níos ceangailte

Tacaíonn 64% de chónaitheoirí le hinfeistíocht a aistriú ó scéimeanna tógála bóithre go siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú. Tá 19% i gcoinne aistriú dá leithéid.

Tacaíonn 87% leis



Tá 6% ina choinne



stop a chur le feithiclí a pháirceáil ar an gcosán

Tacaíonn 95% leis



Tá 2% ina choinne



cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair agus a fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn 93% leis



Tá 2% ina choinne



rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú

Tacaíonn 90% leis



Tá 5% ina choinne



luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tacaíonn 58% leis



Tá 26% ina choinne



sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tacaíonn 89% leis



Tá 5% ina choinne



siopaí, scoileanna, spás glas agus iompar poiblí a bheith laistigh de shiúl nó rothlú gairid óna dteach^[v]

v. Is minic a thugtar comharsanachtaí 20 nóiméad ar áiteanna áitiúla a bhfuil seirbhísí agus saoráidí gar do do theach iontu.

Siúl agus rothlú

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht

Rannpháirtíocht i siúl agus i rothlú

I gCeantar Cathrach Phort Láirge ar an iomlán, tá laghdú tagtha ar líon na gcónaitheoirí a shiúlann agus a rothlaíonn cúig lá ar a laghad sa tseachtain ó 2023 i leith.

Is ábhar misnigh é go mothaíonn formhór na gcónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil agus ceapann siad gur áit mhaith é chun dul ag siúl nó ag rothlú.

Siúlann nó rothlaíonn

90%

de na cónaitheoirí uile

93% in 2023

Siúlann nó rothlaíonn

45%

de na cónaitheoirí ar fad cúig lá sa tseachtain ar a laghad

52% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad

Inscne^[i]

46% de mhná

53% in 2023

44% d'fhir

52% in 2023

Eitneacht

45% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

48% in 2023

45% de dhaoine geala

53% in 2023

Aois

53% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

64% in 2023

44% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois

47% in 2023

41% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois

53% in 2023

37% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois

51% in 2023

52% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois

51% in 2023

46% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

50% in 2023

Míchumas

52% de dhaoine faoi mhíchumas

46% in 2023

45% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

53% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch^[ii]

51% de AB

58% in 2023

44% de C1

52% in 2023

46% de C2

50% in 2023

43% de DE

50% in 2023

i. Bhí méid an tsampla do fhreagróirí a chur a n-inscne in iúl 'ar bhealach eile' ró-iseal le bheith suntasach ó thaobh staidrimh de agus ní thaispeántar é.

ii. Is aicmiú bunaithe ar shlí bheatha é grúpa socheacnamaíoch a choinníonn an Cumann Taighde Margaidh. Is grúpaí gairmiúla agus bainistíochta iad grúpaí A agus B. Baineann Grúpa C1 le maoirseacht/cléireach agus mic léinn. Baineann Grúpa C2 le hobair láimhe oilte. Baineann Grúpaí D agus E gairmeacha láimhe leathoilte agus neamhoilte, mná tí agus daoine nach bhfuil i bhfostaíocht.

Sábháilteacht agus sástacht maidir le siúl agus rothlú

Ceapann

83%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

80% in 2023

Ceapann

66%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte do leanaí siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

67% in 2023

Ceapann

83%

de na cónaitheoirí go léir go bhfuil a gceantar áitiúil ina áit mhaith ar an iomlán le siúl nó le rothlú

84% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

Inscne

82% de mhná



81% in 2023


84% d'fhir



79% in 2023

Eitneacht

89% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha



84% in 2023

82% de dhaoine geala



80% in 2023

Aois

85% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois



84% in 2023

82% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois



87% in 2023

85% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois



83% in 2023

80% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois



70% in 2023

84% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois



79% in 2023

81% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine



79% in 2023


Míchumas

85% de dhaoine faoi mhíchumas



71% in 2023

82% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas



81% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

90% de AB



74% in 2023

81% de C1



83% in 2023

82% de C2



78% in 2023

80% de DE



83% in 2023



JJ Taylor

Siúlaim chun an choláiste gach lá, agus tá sé ar cheann de na codanna is taitneamhaí de mo ghnáthamh laethúil anois. Thosaigh mé ag siúl den chuid is mó toisc gurbh é an rogha ba fhusa agus ba shaoire é, ach le himeacht ama tuigeanann go bhfuil níos mó buntáistí ag baint leis ná sin.

Tugann sé beagán spáis dom roimh lá gnóthach agus ina dhiaidh. Tugann sé le smaoineamh, éisteacht le ceol nó podchraoladh, nó sos a ghlacadh ó scáileáin. Is bealach simplí é le rudaí a mhoilliú agus mo cheann a ghlanadh, agus sílim go gcuidíonn sé sin liom le strus agus le fanacht dírithe. Cuidíonn sé liom freisin dáimh a bheith agam leis an gcathair i gcónaí. Tosaíonn tú ag tabhairt faoi deara rudaí beaga nach bhfeicfeá ó charr nó ó bhus.

Rothaíocht

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht

Rannpháirtíocht rothaíochta

Rothaíonn, 12% de chónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad faoi láthair.

Is í sábháilteacht, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta, an bac is mó ar rothaíocht.^[i]

Tá Ceantar Cathrach Phort Láirge ag obair chun spás sábháilte, tiomnaithe a sholáthar do rothaíocht.

Rothaíonn

21%

de na cónaitheoirí ar fad

25% in 2023

Rothaíonn

12%

de na cónaitheoirí ar fad uair amháin sa tseachtain ar a laghad

16% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad

Inscne

8% de mhná

9% in 2023

16% d'fhir

23% in 2023

Eitneacht

12% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

13% in 2023

12% de dhaoine geala

16% in 2023

Aois

14% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

25% in 2023

12% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois

16% in 2023

16% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois

17% in 2023

8% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois

19% in 2023

15% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois

12% in 2023

7% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

6% in 2023

Míchumas

9% de dhaoine faoi mhíchumas

5% in 2023

12% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

17% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

15% de AB

18% in 2023

12% de C1

19% in 2023

13% de C2

13% in 2023

9% de DE

12% in 2023

i. Féach tuarascálacha Bike Life 2019 (cathracha éagsúla).

Sábháilteacht agus sástacht maidir le rothaíocht

Ceapann

52%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé
sábháilte siúl nó rothaíocht a
dhéanamh ina gceantar áitiúil

51% in 2023

Ceapann

47%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé
sábháilte do leanaí rothaíocht a
dhéanamh ina gceantar áitiúil

44% in 2023

Ceapann

51%

de na cónaitheoirí go léir go
bhfuil a gceantar áitiúil ina áit
mhaith ar an iomlán le rothaíocht
a dhéanamh

55% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

Inscne

48% de mhná

47% in 2023

57% d'fhir

54% in 2023

Eitneacht

66% de dhaoine ó ghrúpaí
mionlaigh eitneacha

78% in 2023

50% de dhaoine geala

48% in 2023

Aois

63% de dhaoine idir 16 agus 25
bliain d'aois

57% in 2023

52% de dhaoine idir 26 agus 35
bliain d'aois

60% in 2023

56% de dhaoine idir 36 agus 45
bliain d'aois

57% in 2023

49% de dhaoine idir 46 agus 55
bliain d'aois

40% in 2023

52% de dhaoine idir 56 agus 65
bliain d'aois

46% in 2023

45% de dhaoine 66+ bliain d'aois
agus níos sine

43% in 2023

Míchumas

46% de dhaoine faoi mhíchumas

39% in 2023

53% de dhaoine nach bhfuil
faoi mhíchumas

52% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

57% de AB

43% in 2023

50% de C1

53% in 2023

51% de C2

52% in 2023

53% de DE

53% in 2023



Shane Kelly

Ceapaimse go mbeadh saoirse leis an rothaíocht. Is féidir leat léim ar rothar agus bogadh thart gan an strus a bhaineann le trácht, páirceáil agus na costais a bhaineann le tiomáint. Nuair a théim ag rothaíocht ar mo théarmaí féin glantar mo cheann agus tugtar fuinneamh dom.

Baineann sé leis an tsláinte chomh maith. Ní gá dom am a chur ar leataobh don ghiomnásiam mar go bhfuil rothaíocht ina cuid de mo ghnáthamh.

Is áit iontach í Port Láirge le dul ag rothaíocht. Is seoid é an Glasbhealach agus is furasta é a bhainistiú a bhuí le méid na cathrach. Tá ómós láidir pobail atá ag fás i measc na ndaoine a rothaíonn anseo freisin.

Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú

An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a shiúlann nó a rothaíonn níos mó daoine




Le chéile, siúlann nó rothlaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach Phort Láirge 3 huaire timpeall an domhain gach lá

Feabhsaíonn siúl agus rothaíocht sláinte agus cáilíocht an aeir, sábhálann sé airgead do FSS, agus laghdaíonn sé an brú tráchta.


Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra

23 milliún turas in 2025 ar 44.7 milliún ciliméadar ar fad iad



An meán-achar turais siúil nó rothlaithe: 1.9 ciliméadar

25 milliún turas in 2023 ar 58.2 milliún ciliméadar ar fad iad



An meán-achar turais siúil nó rothlaithe: 2.3 ciliméadar

Tairbhíonn siúl agus rothlú do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhaltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais siúil agus rothlaithe, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithicilí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é **€57.5 milliún** an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile a shiúlтар agus a rothlaítear i gCeantar Cathrach Phort Láirge.

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh taitnimh nó aclaíochta san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.14** in aghaidh gach ciliméadair a shiúlтар nó rothlaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágtar gurb é sin **€13.7 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **12 milliún ciliméadar** a shiúlтар nó a rothlaigh daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.




Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre. Féach ar an tuarascáil um modheolaíocht chun sonraí a fháil.

Nochtann siúl agus rothlú tairbhí sláinte do chách

Cuireann siúl sa cheantar cosc ar 128 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

167 in 2023

Cásanna ar a cuireadh cosc



Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'ríochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíocht coirp ó shiúl

cosc ar 21 bás luath gach bliain

28 in 2023

a bhfuil luach

€160 milliún air

€215 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le siúl trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha siúil a mheas. Déantar turais i gcathaoirí rothaí agus scútar soghluaisteacha a shamhaltú mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Sábhalann sé sin

€1.6 milliún in aghaidh

na bliana do FSS

€2.1 milliún in 2023

Coibhéiseach le costas

26,000 ar choinní dochtúra teaghlaigh

38,000 in 2023

Feabhsaíonn daoine a shiúlann agus a rothlaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáiliúocht an aeir, rud a shábhálann:

6,200 kg of NO_x

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

9,900 kg in 2023

agus

436 kg de cháithníní

(PM₁₀, lena gcuimsítear PM_{2.5}) gach bliain.

719 kg in 2023

Aontaíonn **90%** de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



88% in 2023

Cuidíonn siúl agus rothlú le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith ag siúl nó rothlú in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhalann cónaitheoirí

2,000 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain.

3,800 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

25,000 duine ag dul ar eitiltí

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain **21.5%**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitрил agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú **129.4%** ar astaíochtaí iompair.^[i]

i. An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

Coinníonn siúl agus rothlú an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.^[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

14,000 turais fillte

a shiúl agus a rothlú gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

15,000 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

66 ciliméadar

arb é sin coibhéis an achair ó Chathair Phort Láirge go Trá Mhór dhá uair go leith.

73 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.


An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a rothaíonn níos mó daoine

Le chéile, rothaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach Phort Láirge timpeall an domhain uair amháin gach lá

Is féidir le rothaíocht a bheith áisiúil do go leor turas áitiúil, go háirithe i gcathracha agus i mbailte. Tugann sé rogha iompair do dhaoine agus rochtain ar oideachas, ar phoist agus ar phobal.


Turais rothaíochta bhliantúla de réir cuspóra

1.1 milliún turas in 2025 ar 9 milliún ciliméadar ar fad iad



Meánachar turais rothaíochta: 7.9 ciliméadar

1.4 milliún turas in 2023 ar 8.6 milliún ciliméadar ar fad iad



Meánachar turais rothaíochta: 6.3 ciliméadar

Tairbhíonn rothaíocht do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhaltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais rothaíochta, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é **€9.5 milliún** an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile a ar rothar i gCeantar Cathrach Phort Láirge.

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh caitheamh aimsire san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le rothaíocht i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.62** in aghaidh gach ciliméadair a rothaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágfar gurb é sin **€6.9 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **4.2 milliún ciliméadar** a rothaíonn daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.




Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad chun turais rothaíochta san áireamh mar chuid den obair agus ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre.

Nochtann rothaíocht tairbhí sláinte do chách

Cuireann rothaíocht sa cheantar cosc ar 22 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

18 in 2023

Cásanna ar a cuireadh cosc



Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'ríochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíochta coirp ó rothaíocht cosc ar 1 bhás luath gach bliain

1 in 2023

a bhfuil luach

€10 milliún air

€9.3 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le rothaíocht trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha rothaíochta a mheas.

Sábhálann sé sin

€270,000 in aghaidh

na bliana do FSS

€230,000 in 2023

Coibhéiseach le costas

4,600 ar choinní dochtúra teaghlaigh

4,300 in 2023

Feabhsaíonn daoine a rothaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáilíocht an aeir, rud a shábhálann:

1,600 kg of NO_x

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

1,200 kg in 2023

agus

122 kg de cháithníní

(PM₁₀, lena gcuimsítear PM_{2.5}) gach bliain.

92 kg in 2023

Aontaíonn **90%** de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



88% in 2023

Cuidíonn rothaíocht le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith rothaíocht in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhálann cónaitheoirí

709 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítríúil) gach bliain.

537 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

8,900 duine ag dul ar eitiltí

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain **21.5%**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitрил agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú **129.4%** ar astaíochtaí iompair.^[i]

i. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

Coinníonn rothaíocht an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.^[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

815 turais fillte

ar rothar gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

1,000 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

4 ciliméadar

arb é sin coibhéis an achair ón Túr Cloig go dtí Páirc Dúlra Phort Láirge.

5 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.

Réitigh siúl agus rothlaithe

Cad a chuideodh le siúl agus rothlú a dhéanamh níos éasca?

Ba chóir go mbeadh seirbhísí agus saoráidí laistigh d'achar siúl agus rothlaithe ag tithe nua agus ag pobail atá ann cheana

Trí shiúl agus rothlú a chur i gcroílár pobal nua agus pobal atá ann cheana, tugtar rogha iompair níos fearr do dhaoine, agus laghdaítear spleáchas ar charranna.

Aontaíonn

58%

díobh gur féidir leo dul go héasca chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint
70% in 2023

Tacaíonn

90%

díobh le tús áite a thabhairt d'fhorbairtí tithíochta nua a thacaíonn le siúl, rothlú, rothaíocht nó úsáid iompair phoiblí

Is féidir le forbairtí nua agus pobail atá ann cheana tacú le siúl agus rothlú trína chinntiú go bhfuil go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine le fáil gar don áit ina bhfuil cónaí orthu.

Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh níos mó saoráidí agus seirbhísí áitiúla úsáideach dóibh chun cuidiú leo siúl nó rothlú a dhéanamh níos mó?

78%

níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar dá dteach
64% in 2023

77%

níos mó seirbhísí rialtais, amhail clinicí dochtúra agus scoileanna, gar dá dteach
61% in 2023

85%

níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar dá dteach
75% in 2023

80%

níos mó rudaí le feiceáil agus le déanamh gar dá dteach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta
65% in 2023

Ba mhaith le cónaitheoirí go mbeadh siúl agus rothlú ag teacht níos fearr le busanna

Cé gur cheart go mbeadh siúl agus rothlú ar an rogha is mealltaí maidir le turais ghairide, ba cheart an rogha sin a chomhtháthú le hiompar poiblí le haghaidh turais níos faide freisin.

Is í úsáid bus an cineál taistil ilmhódaigh is coitianta ar fud na hÉireann, agus braitheann formhór na dturas bus ar shiúl agus ar rothlú. Dúirt cónaitheoirí linn go bhfuil feabhsuithe praiticiúla de dhíth orthu chun na modhanna iompair sin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.



Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh na hathruithe sin úsáideach dóibh le cuidiú leo turais a dhéanamh lena n-áirítear siúl nó rothlú agus an bus níos minice?

89%

tuilleadh eolais chun cuidiú leo turas a phleanáil agus a dhéanamh (amhail aipeanna, léarscáileanna, comharthaíocht nó foireann iompair phoiblí)

87%

níos mó bealaí díreacha siúl agus rothlaithe ó eastáit tithíochta go stadanna bus

88%

bealaí siúl agus rothaíochta inrochtana go stadanna bus agus ar ais

88%

sábháilteacht fheabhsaithe agus tú agus daoine ag siúl agus ag rothlú go stad bus agus ar ais

90%

saoráidí trasnaithe siúl agus rothlaithe feabhsaithe in aice le stadanna bus

94%

stadanna bus feabhsaithe (amhail iad a bheith inrochtana, solas maith iontu, dea-bhail orthu, clúdach ón mbáisteach, taispeáint faisnéise seirbhíse)

Ba mhaith le cónaitheoirí sráideanna níos fearr

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus lenár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáilteach agus compordach do gach duine chun siúl nó rothlú isteach iontu.

Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh na hathruithe sin leo siúl nó rothlú níos mó?

84%

cosáin níos leithne
73% in 2023

81%

trasrianta bóthair
níos minice, agus
hamanna feithimh
laghdaithe
72% in 2023

86%

áiteanna níos
deise feadh na
sráideanna chun
stopadh agus
scíth a ligean acu,
amhail níos mó
binsí, crann agus
scáthlán
74% in 2023

90%

inrochtaineacht
níos fearr ar
chosáin, amhail
dromchlaí
cothroma agus
colbhaí íslithe ag
pointí trasnaithe
81% in 2023

82%

níos lú carranna
páirceáilte ar an
gcosán
71% in 2023

73%


níos lú eagla
roimh choireacht
nó iompar
frithshóisialta ina
gceantar
64% in 2023

Sa cheantar, do gach bóthar a chruthaíonn acomhal le soilse trácht

tá trasrian coisithe ag **92%** díobh



níl trasrian coisithe ag **8%** díobh



Mar shampla, bíonn trí bhóthar ar acomhal-T a chomhdhéanann an t-acomhal, agus bíonn ceithre cinn i gcrosbhóthar.



Brianna Connaughton

Páirceálaim agus siúlaim le m'iníon sé bliana d'aois. Cuireann a scoil sláinte agus folláine chun cinn agus spreagann sí siúl nuair is féidir. Agus an obair agus cúram leanaí i dtreonna difriúla, ní rogha é an bealach ar fad a shiúl, ach oibríonn an comhréiteach sin. Ligimid a deirfiúr amach, tiomáinimid go dtí mo chuid oibre in aice leis an scoil, agus siúlaimid as sin. Is am atá ann dúinne chun bheith ag caidreamh le chéile, aer úr agus gluaiseacht a fháil, agus comhra a bheith againn sula dtosóidh an lá.

Ach tá dúshlán ann. De dheasca cosáin chunga, trácht gnóthach, agus spraeáil chairr ar laethanta fliucha bíonn sé deacair, agus b'fhéidir nach mbeadh rochtain ag daoine eile ar pháirceáil in aice láimhe mar atá agamsa.

Ba bhreá linn bonneagar níos fearr a fheiceáil: limistéar páirceála agus siúil tiomnaithe agus bealaí siúil níos sábháilte. Dhéanfadh sé difear mór - ní hamháin dúinne, ach do go leor teaghlach ar mian leo roghanna níos sláintiúla, níos gníomhaí a dhéanamh.

Réitigh rothaíochta

Cad a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?




Is mian le go leor cónaitheoirí rothaíocht a dhéanamh

Tá fonn mór ann tosú ag rothaíocht i measc cónaitheoirí nach bhfuil ag rothaíocht cheana féin.

Chun freastal ar an éileamh sin ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht, ag cinntiú go bhfuil spás tiomnaithe ag daoine le haghaidh rothaíochta, chomh maith le tacú le rochtain ar rothar, oiliúint, páirceáil rothar, agus rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin maidir le rothaíocht?

Ní rothaíonn siad agus ní mian leo: **43%**
52% in 2023



Rothaíonn siad go minic: **8%**
11% in 2023

Rothaíonn siad ó am go chéile: **14%**
15% in 2023

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh uirthi: **5%**
3% in 2023

Ní rothaíonn siad ach ba mhaith leo: **30%**
19% in 2023

Cén cion de chónaitheoirí a dúirt nach 'rothaíonn siad ach gur mhaith leo'

35% de mhná

19% in 2023

43% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

24% in 2023

24% de dhaoine faoi mhíchumas

21% in 2023

Tá níos mó tacaíochta ag teastáil ó chónaitheoirí chun rothaíocht a dhéanamh

Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh an cineál sin tacaíochta leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht a dhéanamh níos mó?

56% rochtain ar rothar
44% in 2023

47% rochtain ar rothar leictreach
34% in 2023

42% rochtain ar rothar lastais ar a bhfuil spás chun leanaí nó siopadóireacht a iompar
30% in 2023

40% rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó rothar láimhe
24% in 2023

65% rochtain nó feabhsuithe ar scéim um rothair ar cíós sa chathair
47% in 2023

59% rochtain ar pháirceáil shlán do rothair sa bhaile nó in aice leis
40% in 2023

58% cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe
45% in 2023

Céatadán na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar do dhaoine fásta

48% de chónaitheoirí

48% in 2023

46% den ghrúpa socheacnamaíoch DE

36% in 2023

53% den ghrúpa socheacnamaíoch AB

56% in 2023

**Ba mhaith le
cónaitheoirí bonneagar
rothaíochta feabhsaithe**

Tá líonraí cosáin rothaíochta tiomnaithe agus sábháilte, páirceáil rothar agus comhtháthú níos fearr le hiompar poiblí ag teastáil ó dhaoine.

Sa cheantar, tá:

Cén céatadán de chónaitheoirí a chuideofaí leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht níos mó a dhéanamh dá mbeadh saoráidí níos fearr ann?

I measc na gcónaitheoirí:

Tá

5% de theaghlaigh

de theaghlaigh laistigh de 125 méadar ó chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar, ó chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, nó ó bhealaí ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

9 km

de chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar

1 km

de chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

2 km

de bhealaí ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

Tá

0 km

de chosáin rothaíochta sa cheantar ar chomhchéim leis an gcosán, agus tá siad idirdhealaithe de dromchla difriúil

12

spás páirceála rothair trasna 2 stáisiún iarnróid agus bus

71%

níos mó cosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

57% in 2023

70%

níos mó cosáin rothaíochta feadh bóithre atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

55% in 2023

69%

níos mó bealaí rothaíochta áitiúla ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

56% in 2023

67%

naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil rothar shlán ag stáisiúin traenach, stadanna/stáisiúin bus

55% in 2023

Tacaíonn

95%

le cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair sa cheantar áitiúil a fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn

86%

le níos mó cosáin rothaíochta a thógáil atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre

76% in 2023

Tacaíonn

93%

le rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú



Csilla Czelvikker

Téim ag rothaíocht trí lár chathair Phort Láirge beagnach gach lá. Tá sé ina cuid de mo rithim laethúil anois - cé acu atá mé dul ag obair, ag déanamh teachtaireachtaí, nó ag baint taitnimh as beagán gluaiseachta idir cruinnithe. D'fhás mé aníos i mbaile beag san Ungáir ina raibh rothaíocht mar chuid den saol. Mar leanaí, téimis ag rothaíocht ar scoil, chuig na siopaí, chun cuairt a thabhairt ar chairde. Tá an nasc sin fós agam, agus fiú anois, fiche nó tríocha bliain ina dhiaidh sin agus i dtír eile, faighim compord agus saoirse fós ar dhá roth.

Dá mbeinn ábalta aon rud a athrú, déarfainn níos mó lánaí rothaíochta tiomnaithe agus iad marcáilte go soiléir, go háirithe cinn atá cosanta ar thrácht. Dhéanfadh cosáin rothaíochta níos leithne a nascann príomhcheantair na cathrach difear mór, ní hamháin do rothaithe seanbhunaithe ach do dhaoine ar mhaith leo tosú ag rothaíocht ach nach bhfuil cinnte faoi. Bheadh páirceáil rothar níos fearr, feasacht níos fearr i measc tiománaithe, agus dromchlaí níos réidhe ar chuid de na seanbhóithre ina chuidiú mór freisin.

Réitigh chomharsanachta

Áiteanna rathúla, ag díriú ar leanaí

Ba chóir do chomharsanachtaí tús áite a thabhairt do riachtanais agus folláine na ndaoine a chónaíonn ansin agus a thugann cuairt air. Ba chóir iad a phleanáil chun tacú leis an bpobal, ceangal sóisialta a chothú, agus a bheith in áiteanna ina mothaíonn gach duine ar a suaimhneas. Má dheartar comharsanachtaí agus leanaí á gcur san áireamh, oibreoidh siad níos fearr do chách.

An turas ar scoil a fheabhsú

Tá scoileanna i gcroílár go leor comharsanachtaí agus ba chóir go mbeadh siad mar chuid d'aon phlean a bhaineann le comharsanachtaí a fheabhsú.

Ciallaíonn sé sin oibriú le scoileanna chun siúl, rothlú agus rothaíocht a spreagadh, ach feabhas a chur ar an gcomharsanacht timpeall ar scoileanna freisin chun trácht a laghdú agus cosáin, pointí trasnaithe agus soláthar rothaíochta a fheabhsú.

Tacaíonn **58%** leis

Tá **26%** ina choinne

sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile ag

0 scoil

sa cheantar
0 schools in 2023

Tacaíonn **90%** leis

Tá **5%** ina choinne

luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tugtar 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' orthu sin.^[i]

Tá

3 scoil

sa chlár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile

i. Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile criosanna scoile ildaite sainiúla a sholáthar ag tosach scoileanna chun tús áite a thabhairt do leanaí a bhíonn ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, chun cosc a chur ar fhágáil feithiclí, agus chun trasrianta agus naisc thábhachtacha a fheabhsú do leanaí a roghnaíonn taisteal gníomhach.

An neamhspleáchas a thabhairt do leanaí chun bheith ag fánaíocht, ag súgradh agus ag forbairt

Ba chóir do chomharsanachtaí a bheith ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Is féidir le comharsanachtaí atá deartha go maith saoirse a thabhairt do leanaí bogadh timpeall, bheith ag súgradh agus ag sóisialú, rud a chuideoidh le neamhspleáchas, scileanna sóisialta agus uathriail leanaí.

An mheánaois nuair a ligfeadh tuismitheoirí agus cúramóirí do leanaí taisteal go neamhspleách ina gcomharsanacht

12 bliain d'aois

le siúl
nó rothlú

13 bliain d'aois

le rothaíocht
a dhéanamh

14 bliain d'aois

chun iompar
poiblí a úsáid

Aontaíonn

79%

go bhfuil spás ann do leanaí chun sóisialú agus súgradh
76% in 2023

Tá níos lú páistí ag súgradh amuigh ar a sráideanna ná riamh. Ní dúirt ach **27%** de leanaí go mbíonn siad ag súgradh lasmuigh dá dtithe go rialta, i gcomparáid le **71%** díobh siúd a rugadh idir 1946 agus 1964.

Suirbhé feachtais 'Summer of Play', Save the Children, 2022.



Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí

Tacaíonn daoine fásta le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe tráchta agus bearta chun tréthracht agus luas tráchta a laghdú, ach ní mór é sin a dhéanamh go cothrom.

Ceapann

52%

de chónaitheoirí nach é feithiclí mótaí atá ag bogadh nó páirceáilte an ghné is suntasaí ina sráideanna

63% in 2023

Tacaíonn

87%

le spriocanna laghdaithe tráchta a leagan síos agus beart a dhéanamh chun iad sin a bhaint amach.

80% in 2023

Tacaíonn

87%

le comharsanachtaí íseal-tráchta

80% in 2023

Níl aon rud ann chun cosc a chur ar thrácht tríd an gceantar ar

12%

d'fhad iomlán na mbóithre neamhaicmithe sa cheantar. D'fhéadfadh cóngar sciurde a bheith mar thoradh air seo.^[ii]


12% in 2023

Bheadh níos lú mótarfheithicilí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:

76% siúl nó rothlú níos mó



67% níos mó rothaíocht a dhéanamh



Tacaíonn

74%

le luasteorainneacha a laghdú ar bhóithre áitiúla i limistéir faoi fhoirgnimh go luasteorainneacha 30 km/u

Ba chóir go mbeadh trácht ag taisteal ag luasanna faoi bhun 30 km/u ar

28%

de shráideanna an cheantair de ghnáth (gan mótarbhealaí san áireamh)

Bheadh níos mó sráideanna le luasteorainneacha 30 km/u úsáideach do chónaitheoirí chun:

73% siúl nó rothlú níos mó



65% níos mó rothaíocht a dhéanamh



Ba chóir go mbeadh gach duine ar a suaimhneas ina gcomharsanacht féin

Le feabhsuithe ar chomharsanachtaí, ba chóir riachtanais daoine fásta a aithint freisin, mar shampla mná, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh.

Aontaíonn

80%

go mbíonn siad ag comhrá go rialta lena gcomharsana, níos mó ná díreach heileo a rá.

77% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta

92%

de na cónaitheoirí ar fad



87% in 2023

90% de mhná




89% in 2023

93% d'fhir



84% in 2023

94% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha



83% in 2023

91% de dhaoine geala



87% in 2023

94% de dhaoine faoi mhíchumas




80% in 2023

91% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas




87% in 2023

90% den ghrúpa socheacnamaíoch DE



84% in 2023

91% den ghrúpa socheacnamaíoch AB



89% in 2023

Mothaíonn

91%

go bhfuil siad ábalta páirt a ghlacadh in áit níos fearr le cónaí a dhéanamh dá gcomharsanachta

84% in 2023

ii. Bunaithe ar anailís le CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad na bóithre beaga ísealúsáide na bóithre sin a aicmítear mar 'bhóithre beaga níos lú suntasach' ar OpenStreetMap.

Siúl, rothlú agus rothaíocht a fheabhsú

Tá bogadh timpeall Phort Láirge ag éirí níos fearr. Cé acu atá ag siúl nó ag rothaíocht chuig an obair, an scoil, an coláiste nó na siopaí, tá taisteal gníomhach ina bhealach níos sábháilte, níos éasca agus níos taitneamhaí anois chun dul i mbun do thurais laethúla. Trí thaisteal gníomhach a roghnú, rachaidh sé chun tairbhe do do shláinte, laghdófar truailliú agus sábhálfaidh tú airgead. Bíonn aer níos glaine, níos lú brú tráchta, agus sráideanna agus lár bhaile níos beoga agus níos oiriúnaí do dhaoine mar thoradh ar níos lú turas sa charr.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Iompair Náisiúnta (ÚNI), chun tosaigh maidir le sraith tionscadail taistil ghníomhaigh atá deartha chun siúl, rothaíocht agus taisteal a dhéanamh níos inrochtana ar fud Cheantar Cathrach Phort Láirge. Áirítear leis sin lánáí rothaíochta scartha, cosáin leathnaithe, trasrianta coisithe níos sábháilte, limistéir níos sábháilte ag tosach scoileanna, agus droichead iompair inbhuanaithe nua a fhorbairt. Tá sé mar aidhm leis an mbonneagar nua eispéireas taistil gan stró, níos sábháilte agus níos nasctha a chruthú do dhaoine de gach aois agus cumas.

Tá an obair sin mar chuid de straitéis náisiúnta níos leithne chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide 2023. Ceann de na príomhaidhmeanna sa phlean ná líon na líonraí taistil ghníomhaigh a mhéadú ionas go mbeidh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí freagrach as 50% de na turais uile faoi 2030. Tá tionscadail indéanta a bhuí le cur chuige comhordaithe lena mbaineann maoiniú ón Roinn Iompair, seachadadh straitéiseach ag an Údarás Iompair Náisiúnta, agus cur chun feidhme ar an talamh ag údaráis áitiúla ar fud na tíre.

Go tábhachtach, cuimsítear i gCeantar Cathrach Phort Láirge limistéir riaracháin Chomhairle Phort Láirge agus Chomhairle Chill Chainnigh. Leis an gCroí-Líonra Uirbeach atá beartaithe, breithneofar an comhthéacs cathrach níos leithne agus an gaol idir an Ché Thuaidh, Port an Chalaídh, agus Cathair Phort Láirge.

Tá sé mar aidhm leis an mbonneagar nua eispéireas taistil gan stró, níos sábháilte agus níos nasctha a chruthú do dhaoine de gach aois agus cumas.



Scoil Náisiúnta 'Foghlaim le Chéile' Phort Láirge, Carraig Phiarais

Scoil Náisiúnta 'Foghlaim le Chéile' Phort Láirge, Carraig Phiarais D'éirigh leis an tionscadal sin stíl mhaireachtála níos sláintiúla a spreagadh i measc daltaí. Tá feabhas suntasach tagtha ar shábháilteacht agus ar inrochtaineacht a bhuí le laghdú ar líon na gcarranna timpeall na scoile, mar aon le trasrianta bóthair níos sábháilte agus feabhsuithe ar acomhail. Mar thoradh ar na hoibreacha, sheol an scoil tionscnamh Bus Siúil, rud a chuireann bealach struchtúrtha, sábháilte ar fáil do leanaí chun siúl ar scoil faoi mhaoirseacht daoine fásta.



Scoil Náisiúnta an tSlánaitheora, An Baile Beag

Agus moladh tugtha i leith an tionscadail sin as sábháilteacht agus taitneamh a bhaint as siúl agus rothaíocht ar scoil a fheabhsú, agus tá níos mó leanaí ábalta taisteal gníomhach a roghnú dá bharr. Tá feabhas tagtha ar infheictheacht agus ar fheasacht tiománaithe mar gheall ar shuiteáil trasrianta coisithe nua, mullard pionsail, agus bearta sábháilteachta, rud a chruthaíonn timpeallacht níos sábháilte agus níos fáiltí ag tosach scoileanna.



Tionscadal Pathfinder Taistil Ghníomhaigh Pháirc an Leasa Mhóir

A bhuí le feabhas a cuireadh ar thréscailteacht choisithe tríd an spás glas poiblí i bPáirc an Leasa Mhóir, tá sé níos sábháilte agus níos éasca do chónaitheoirí siúl trasna na ceantair. Le teannadh aomhal agus bearta tosaíochta do choisithe, tá feabhas breise tagtha ar shábháilteacht agus inrochtaineacht, rud a spreagann siúl mar mhodh taistil áisiúil agus taitneamhach. Tá sé beartaithe tuilleadh uasghráduithe a dhéanamh chun nascacht agus cáilíocht an líonra a fheabhsú.



Scoil Náisiúnta Mhuire, Baile an Bhuiléaraigh

Mar chuid den Scéim Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile, tá an turas chun na scoile níos sábháilte agus níos ciúine mar gheall ar oibreacha taistil ghníomhaigh i Scoil Náisiúnta Mhuire, Baile an Bhuiléaraigh. Páirceálann agus siúlann teaghlaigh anois ó charrchlós na heaglaise in aice láimhe, rud a laghdaíonn trácht ag geata na scoile agus a chruthaíonn timpeallacht níos sábháilte do chách.

I measc na bhfeabhsuithe tá bearta maolaithe tráchta, trasrian coisithe uasghrádaithe, cosáin leathnaithe, síntí starracha, athailíniú páirceála, agus gnéithe nua cruthaithe áite a fheabhsaíonn infheictheacht agus sábháilteacht ag tosach na scoile.

Ag breathnú chun cinn

Áiteanna agus sráideanna níos fearr do chách



An Ché Thuaidh

Infheistíocht bhunathraitheach is ea Tionscadal Bonneagair Phoiblí na Cé a Thuaidh, lena n-áirítear mol iompair, droichead inbhuanaithe do choisithe agus do rothaithe, agus forbairt úsáide measctha laistigh den Chrios Forbartha Straitéisí. Leis an droichead nua, soláthrófar nasc sábháilte, díreach idir an Ché Thuaidh, Port an Chalaigh, agus lár chathair Phort Láirge, agus nascfar Glasbhealaí Phort Láirge agus an Oirdheiscirt araon. Táthar ag súil go n-osclofar an droichead don phobal i mbliana.

BusConnects Phort Láirge

Is athdhearadh ar líonra bus na cathrach a rinne ÚNI é BusConnects Phort Láirge. Tá sé mar aidhm leis minicíocht na seirbhísí a fheabhsú, bealaí a shimpliú, agus feabhas a chur ar nascacht ar fud na cathrach agus na mbruachbhailte. Tacaíonn an tionscadal le spriocanna iompair inbhuanaithe agus is cuid de chlár níos leithne BusConnects na hÉireann do chathracha réigiúnacha é.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, i gcomhpháirtíocht leis An Taisce, leis an Udarás Náisiúnta Iompair, agus le scoileanna áitiúla, le bonneagar taistil ghníomhaigh a sholáthar faoin gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Le hoibreacha ag Foghlaim le Chéile Phort Láirge, Scoil an tSlánaiteora agus Scoil Mhuire i mBaile an Bhuitléaraigh, tá níos mó leanaí spreagtha chun siúl nó rothaíocht a dhéanamh, rud a fhágann go bhfuil limistéir scoile níos sábháilte agus níos inrochtana.

Cycle Connects Phort Láirge


Tá plean rothaíochta cuimsitheach á forbairt ag an ÚNI agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge don cheantar cathrach. Leis an bplan sin, déanfar bealaí rothaíochta uirbeacha, glasbhealaí agus cosáin idiruirbeacha a chomhtháthú, lena n-áirítear naisc le forbairtí le déanaí. Tá sé mar aidhm le Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Phort Láirge (WMATS), a foilsíodh i mí na Nollag 2022, "líonra rothaíochta sábháilte, cuimsitheach, mealltach agus inléite" a sholáthar ar fud an réigiúin.

Céatadán na gcónaitheoirí ar mian leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ina gceantar áitiúil:

78% ar shiúl agus rothlú



74% ar rothaíocht



80% ar bhusanna



77% ar thraenacha



67% ar chineálacha eile iompair poiblí



60% ar thiomáint



...spreagadh níos mó leanaí chun siúl nó rothaíocht a dhéanamh, rud a fhágann go bhfuil limistéir scoile níos sábháilte agus níos inrochtana.

Glasbhealaí

Tá an Glasbhealach ó Dhún Garbháin go Port Láirge fós ar cheann de na glasbhealaí is fearr in Éirinn, ag tacú le fóillíocht agus le comaitéireacht araon. Tá sé beartaithe freisin glasbhealach uirbeach a chruthú chun Port Láirge agus Trá Mhór a nascadh.

Comhthionscnamh de chuid Chomhairlí Loch Garman, Chill Chainnigh agus Phort Láirge is ea an Glasbhealach Thoir Theas, agus tá sé tacaíthe ag Bonneagar Iompair Éireann.

Nascfaidh an glasbhealach eisbhóthair 24km Ros Mhic Thriúin agus Cathair Phort Láirge. Le céim a dó, a osclaíodh i Meán Fómhair 2025, nascfar An Currach Mór (Co. Chill Chainnigh) le Port an Chalaídh. Táthar ag súil go mbeidh na céimeanna deiridh críochnaithe faoi 2027.

Scéimeanna atá le Teach

Le roinnt tionscadal, soláthrófar bealaí rothaíochta ar leith feadh phríomhbhóithre gathacha agus fithiseacha, rud a chruthóidh líonra nasctha agus comhtháite. I measc na bpríomhthionscadal tá scéimeanna Bhóthar Chorcaí agus an Chuarbhóthair Istigh. Le Crios Forbartha Straitéisí na Cé Thuaidh, cuirfear deiseanna nua tithíochta agus fostaíochta ar fáil, agus beidh sé sin tacaíthe ag droichead iompair inbhuanaithe. Le Tionscadal Pathfinder Pháirc an Leasa Mhóir, cuirfear tuilleadh feabhais ar thréscaoilteacht agus nascfar é le bealaí rothaíochta níos leithne. Leanfaidh an Chomhairle le Bealaí Sábháilte chun na Scoile, uasghráduithe ar acomhail, agus páirceáil rothar a sholáthar mar chuid de chur chuige iompair comhtháite, inbhuanaithe freisin.



Noreen McGrath

Siúlaim isteach i gCathair Phort Láirge go rialta agus bainim an-sult as. Tá an siúl iontach don tsláinte, chun bualadh le dhaoine, agus chun sult a bhaint as ár gceantair áille áitiúla. Mar bhall de Chomhairle Daoine Scothaosta Phort Láirge agus dár ngrúpa Cónaitheoirí, molaím i gcónaí siúl mar chuid den saol laethúil.

Mar sin féin, tá dúshláin ann. Tá go leor de na cosáin míchothrom agus contúirteach, go háirithe dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. Is minic a chuireann araidí rothaí bac ar an mbealach, rud a chuireann iallach ar dhaoine

ag a bhfuil áiseanna siúil, scúitair nó bugaithe dul amach ar an mbóthar.

Tá méadú tagtha ar an trácht mar gheall ar an bplean tráchta nua, ach níl go leor transrianta coisithe ann chun siúlóirí a choinneáil sábháilte. Ní féidir brath ar an iompar poiblí. Ní thagann na busanna ná ní ligean paisinéirí ar bord i gcónaí.

Ag féachaint chun cinn, tá cosáin níos fearr, bainistíocht bruscair níos fearr, níos mó trasrianta, agus iompar iontaofa de dhíth orainn chun tacú le taisteal gníomhach do gach aois i bPort Láirge.

Nótaí ar mhodheolaíocht

Ba é an chuideachta taighde neamhspleách Ipsos B&A a rinne an suirbhé o thaobh dearcaidh ó Bealtaine go Meitheamh 2025 (Bealtaine go hlúil 2023).

Tá an suirbhé ionadaíoch do chónaitheoirí uile Cheantar Cathrach Phort Láirge, ní iad siúd a shiúlann, a rothlaíonn nó a rothaíonn amháin.

Fuarthas na sonraí eile go léir ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus áitiúla, ó thacair sonraí náisiúnta rinne Walk Wheel Cycle Trust iad a shamhaltú nó a ríomh. Tá na sonraí uile a fuarthas go háitiúil ceart amhail ón 28 Bealtaine 2025.

Úsáideann meastacháin turas samhail arna forbairt ag Walk Wheel Cycle Trust. Agus comparáid á déanamh le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt difríochtaí a bheith ann i gcion na dturas a rinneadh de réir chuspóir an turais.

Áirítear turais rothaíochta sna meastacháin turas anois mar chuid den obair do 2025 agus 2023 araon. Rinneadh meastacháin samhla 2023 a foilsíodh roimhe seo a athrú chun iad sin a chur san áireamh agus chun comparáid dhíreach a éascú agus ag baint úsáid as roinnt sonraí ionchuir éagsúla ó fhoinsí níos láidre. Bhí tionchar aige sin freisin ar mheastacháin ar thurais siúil ó 2023 ar aghaidh.

Baineadh úsáid as slánú ar fud na tuarascála. In go leor cásanna, rinneamar slánú go dtí an tslánúimhir is gaire. Seachnaítear slánú i gcás ina bhféadfadh sé sin mearbhall a chruthú, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a thaispeántar sna rannóga achoimre agus tairbhí

Tá tuilleadh eolais faoi fhoinsí sonraí agus ríomhanna, lena n-áirítear láidreachtaí agus teorainneacha an tsuirbhé agus modheolaíocht samhla le fáil ag www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index

Is a bhuí leis an gcartanas Walk Wheel Cycle Trust gur féidir le gach duine siúl, rothlú agus rothaíocht a dhéanamh.

Mar gheall go n-athraíonn gluaiseacht faoi chumhacht na ndaoine gach rud. Ár sláinte. Ár bhfolláine. Ár ndomhan.

www.walkwheelcycletrust.org.uk

Maoiniú agus tacaíocht

Tá maoiniú agus tacaíocht tugtha ag an Údarás Iompair Náisiúnta i leith Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Phort Láirge. Tá an tionscadal comhordaithe ag Walk Wheel Cycle Trust agus tá tacaíocht faighte ina leith ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Is cartanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust in Éirinn (20206824), i Sasana agus in Cymru (326550), agus in Albain (SC039263).

© Walk Wheel Cycle Trust Márta 2026

© Photos: Lukasz Pedlowski, seachas seatanna cinn ar leathanach 2: Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (ar clé), Comhairle Chontae Chill Chainnigh (ar dheis); leathanach 7: JJ Taylor/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 9: Shane Kelly/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 15: Brianna Connaughton/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 17: Csilla Czelvikker/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 21: An tÚdarás Náisiúnta Iompair; leathanach 23: Noreen McGrath/ Walk Wheel Cycle Trust